## RÁITEAS PHOLASAÍ CLÁIR

Mar sheirbhís raidió atá dírithe go príomha ar phobal Gaeilge mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, is mian le Raidió na Life cúram a dhéanamh de réimse leathan spéise an phobail sin ina chuid clár. Tá ilghnéitheacht áirithe ag baint leis an bpobal sin i dtaca le réimse spéise, aois, cumas sa Ghaeilge agus rannpháirtíocht i gcur chun cinn na Gaeilge de. Freastalóidh Raidió na Life ar ilghnéitheacht sin an phobail. Beidh céatadán 40%, ar a laghad, de chláir chainte sa sceideal iomlán.

**Uaireanta Craolacháin:**

| | |
|---|---|
| Luan go Déardaoin: | 16.30 go 08.00 |
| Aoine: | 15.30 go 08.00 |
| Satharn agus Domhnach: | 12.00 go 08.00 |
| Aschur Beo: | 7.5 uair sa lá Luan – Déardaoin;<br>8.5 uair sa lá Dé hAoine<br>12 uair sa lá Satharn – Domhnach |
| Aschur Athchraolta: | Luan go Domhnach: 6.5 Uair sa lá |
| Aschur Réamhthaifeadta: | 1.5 Uair sa lá |

**Aschur an tSeirbhís:**

| | |
|---|---|
| Ceol: | 60% |
| Nuacht agus Cúrsaí Reatha: | 20% |
| Fógraí: | 5% |
| Caint Eile: | 15% |

Is iad seo a leanas príomhchomharthaí réimse na gclár sin i dtaca le hábhar, stíl agus cur i láthair de.

**Nuacht agus Cúrsaí Reatha:**

**Cinnlíte Nuachta:**
Tá sé mar pholasaí ag Raidió na Life go mbeadh cinn línte nuachta á léamh ag barr na huaire ar a laghad dhá uair in aghaidh an lae. Clúdóidh na cinnlínte nuachta seo príomhscéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta an lae, mar aon le mór scéalta áitiúla i mBaile Átha Cliath agus aon scéalta a mheastar mór thábhacht a bheith ag baint leo do phobal na Gaeilge sa chathair.

**Cláir "Am Tiomána" ("Drivetime"):**
Beidh clár "am tiomána" uair go leith ar fhad mar chuid lárnach de sceideal an stáisiúin gach lá i rith na seachtaine, á chraoladh ag buaic-am "am tiomána" sa tráthnóna. Beidh meascán de cheol agus de chaint ar an gclár. Beidh an ceol a sheinntear ar an gclár oiriúnach don am den lá agus beidh an chaint ón láithreoir taitneamhach agus éadrom don chuid is mó, mar a oireann do chláir "am tiomána". Beidh cóimheas caint:ceol 35:65 ag an gclár seo. Beidh míreanna cainte eile mar chuid den chlár seo cé is moite de nascanna an láithreora idir phíosaí ceoil. Samplaí den chineál rud atá i gceist anseo ná tuairisc ghrinn, tuairisc theilifíse an lae, treoir ghigeanna, tuairiscí tráchta agus mar sin de.

**Cláir Irise:**
Craolfar irischlár uair a' chloig ar fhad go déanach sa tráthnóna/go luath san oíche gach lá i rith na seachtaine. Tá sé mar chuspóir ag Raidió na Life go mbeadh an clár seo mar phríomh chlár cainte an stáisiúin agus go mbeidh sé mar phríomh nasc Raidió na Life le cainteoirí líofa Gaeilge agus cainteoirí atá ar ardchaighdeán Gaeilge i measc phobal Gaeilge Bhaile Átha Cliath.

Clúdófar réimse leathan ábhar ar an gclár – ó imeachtaí ealaíne nó ócáidí chultúrtha chuig na hábhair is déanaí atá ag dó na geirbe i measc phobal Gaeilge Bhaile Átha Cliath, idir chúrsaí reatha, cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí pobail ar aon.

**Cláir Chúrsaí Reatha Eile:**
Tá sé mar pholasaí ag an stáisiún gur cláir leathuair a' chloig ar fhad a bheidh i sainchláir chúrsaí reatha an stáisiúin, ina mbeidh sé mar sprioc go gclúdófar thart ar trí mhór scéal reatha, cé acu trí agallaimh a reachtaíl le cainteoirí údarásacha ar na hábhair atá faoi chaibidil, nó trí phlé stiúideo idir láithreoir(í) an chláir agus comhláithreoir(í) nó comhfhreagraithe seachtainiúla, nó trí mheascán den dá chur chuige.

Beidh sé i gcónaí mar pholasaí ag an stáisiún go gcraolfar ar a laghad clár amháin den tsaghas seo in aghaidh na seachtaine. Déanfar chuile iarracht cur le líon na gclár seo amach anseo, é mar sprioc ag an stáisiún go mbeadh clár dá leithéid á chraoladh uair in aghaidh an lae ach na hacmhainní a bheith ar fáil chuige dá réir. Tá sé mar pholasaí cláir ag Raidió na Life go gcraoltar na cláir seo ag buaic-am éisteachta sa tráthnóna (Luan-Aoine), i.e. aon am idir 4i.n. agus 7:30i.n.

**Cláir Spóirt**
Cuirfidh aschur spóirt Raidió na Life leis an ilghnéitheacht clár spórt atá ar fáil do lucht éisteachta raidió Bhaile Átha Cliath.

Craolfar sainchlár spóirt gach tráthnóna Dé Domhnaigh le hanailís agus tráchtaireacht ar chúrsaí spóirt an lae/na seachtaine. Beidh an clár seo uair an chloig ar fhad. Beidh agallaimh le pearsana móra spóirt agus le himreoirí agus bainisteoirí áitiúla ann.

Chomh maith le sainchlár spóirt an stáisiúin, beidh tuairiscí spóirt mar chuid de sceideal an stáisiúin i rith na seachtaine mar mhíreanna aonair ar irischlár laethúil an stáisiúin.

**Cláir Sainspéise:**
Beidh ar a laghad trí chlár sainspéise á gcraoladh go déanach sa tráthnóna ar thrí lá éagsúil i rith na seachtaine. Is éard atá i gceist le "clár sainspéise" sa chomhthéacs seo ná cláir chainte go príomha, a dhíríonn go hiomlán ar réimse faoi leith, mar shampla, nuacht na seachtaine ón nGaeltacht, cúrsaí timpeallachta agus comhshaoil, cúrsaí an phobail homaighnéasaigh, cúrsaí litríochta, cúrsaí gnó, cúrsaí sláinte, cúrsaí amharclanna srl.

Beidh gach ceann de na cláir shainspéise seo ar a laghad leathuair a' chloig ar fhad ach gan a bheith níos faide ná uair a' chloig ar fhad.

**Cláir Pobail**
Cuirfear fáilte roimh ghrúpaí pobail bheith rannpháirteach sa stáisiún agus a n-imeachtaí a phoibliú ar an tseirbhís. Beidh béim ar rannpháirteacht an phobail i gcláir chainte na seirbhíse trí chéile. Déanfar áisiú ar ghrúpaí pobail gur mian leo a gcuid imeachtaí/feachtaisí srl. a phoibliú trí chuireadh a thabhairt dóibh agallaimh a dhéanamh ar irischlár an stáisiúin agus/nó trína gcuid imeachtaí a phoibliú mar fhógraí béil ar an irischlár céanna.

**Cláir Theanga**
Craolfar formhór chláir Raidió na Life i nGaeilge. Chomh maith leis sin craolfar roinnt cláir i dteangacha iasachtacha nach iad an Béarla iad. Ní rachaidh líon na gclár a chraoltar i dteangacha iasachtacha os cionn 10% d'aschur iomlán an stáisiúin. Cruthóidh na cláir seo nascanna idir phobail labhartha na dteangacha sin agus teanga na Gaeilge agus cultúr dúchasach na hÉireann.

**Cláir Cheoil:**
Is é polasaí cláir Raidió na Life i dtaobh cláir cheoil ná an réimse is leithne ceoil agus is féidir a chraoladh ar an stáisiún. Cuirfidh aschur ceoil Raidió na Life leis an ilghnéitheacht clár agus cineál ceol atá ar fáil do lucht éisteachta Bhaile Átha Cliath. Féachtar go speisialta le ceart a thabhairt do thraidisiúin éagsúla ceoil, rud atá go minic taobh amuigh den réimse ceoil tráchtála a chraoltar ar stáisiúin raidió tráchtála. Samplaí de na stíleanna éagsúla ceoil a chraoltar ar an stáisiún ná pop-cheol, rac-cheol, snagcheol, ceol clasaiceach, miotal, ceol leictreonach, reggae, ceol domhanda, ceol traidisiúnta srl. Cloífear leis an gcur chuige reatha i réimse an cheoil de, is é sin sainchlár ceoil amháin, ar a laghad, a chraoladh gach oíche i ndiaidh na bpríomhchlár cainte ar an stáisiún, agus níos mó cláir sainspéise ceoil ná sin a chraoladh ag amanta éagsúla thar an deireadh seachtaine. Craolfar a oiread agus is féidir de cheol beo ó stiúideonna Raidió na Life ar a laghad uair in aghaidh na seachtaine, go mór mór saothar le ceoiltóirí óga Éireannacha a mbíonn gealladh ar leith fúthu agus faoina gcuid saothair.

Bhí, agus tá sé riamh mar chuid lárnach de pholasaí cláir Raidió na Life le soláthar a dhéanamh do phobal labhartha na Gaeilge i mBaile Átha Cliath de chláir raidió nach gcuirtear ar fáil dóibh trí Ghaeilge in aon áit eile. Tá sé mar chuid de pholasaí cláir an stáisiúin chomh maith le léiriú láidir a thabhairt do dhaoine nach cainteoirí líofa Gaeilge iad, go bhfuil beocht, beatha, agus rogha leathan ceoil ar fáil tríd an nGaeilge agus nach bhfuil an teanga srianta le ceol traidisiúnta Gaelach, mar a samhlaíodh go minic san am atá thart, agus mar a shamhlaíonn roinnt daoine fós. Breathnófar go dtacóidh cláir sainspéise ceoil an stáisiúin leis na spriocanna seo, ag cur san áireamh go mbeidh soláthar á dhéanamh freisin orthu siúd i measc phobal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath go bhfuil neart spéise acu i gceol traidisiúnta Gaelach chomh maith.

**Ceol Éireannach:**
Is é sainmhíniú Raidió na Life ar cheol Éireannach ná ceol a chum duine nó daoine a rugadh in Éirinn nó ceol atá á chasadh ag duine nó daoine a rugadh in Éirinn.

Beidh 20% den cheol a chraolann Raidió na Life mar cheol Éireannach.

**Athchraoladh Cláir:**
Tá sé mar chuid de pholasaí cláir Raidió na Life go ndéanfaí mórán de chláir an stáisiúin a athchraoladh ag amanta a thabharfaidh deis do dhaoine nár chuala an clár i rith a chéad chraoladh é a chloisteáil ag am eile. Déanfar seo go háirithe le príomh chláir chainte an stáisiúin agus leis na cláir sainspéise ceoil is mó a bhfuil tóir ag an bpobal orthu.

**Cur Chun Cinn Tallann Éireannaigh/Áitiúil**
Beidh Raidió na Life gníomhach i gcur chun cinn tallann áitiúil agus Éireannach ar na slite seo a leanas. Seinfear dlúthdhioscanna (nó formáidí eile ceoil taifeadta) de chuid ceoltóirí áitiúla agus Éireannacha go rialta ar irischlár an stáisiúin. Cuirfear deiseanna ar fáil do cheoltóirí nó do ghrúpaí a labhrann Gaeilge agallaimh a dhéanamh ar an gclár seo chomh maith, lena gcuid saothair a phoibliú, go háirithe nuair a eisítear saothar nua (albam, singil srl.). Tabharfar poiblíocht do scríbhneoirí, drámadóirí srl. áitiúla/Éireannacha trí agallaimh a chur orthu mar gheall ar a gcuid saothair ar irischlár an stáisiúin nuair a fhoilsíonn siad leabhar nua/dráma nua srl. Déanfar amhlaidh le healaíontóirí agus taispeántaisí srl. Chomh maith le ceol taifeadta ó cheoltóirí áitiúla/Éireannacha a chraoladh ar an stáisiún go rialta, tugfar cuireadh do bhannaí ceoil, ceoltóirí agus amhránaithe áitiúla/Éireannacha teacht isteach chun seinm beo i stiúideonna an stáisiúin uair in aghaidh na seachtaine.

**Ceannach agus Díol Ábhar Craolacháin**
Ní cheannaíonn ná ní dhíolann Raidió na Life ábhar craolacháin. De réir mar a thagann méadú ar an éileamh atá ann sa rannóg trachtála do chláracha raidió trí Ghaeilge a sholáthar, breathnófar ar chláracha a dhíol leis na stáisiúin tráchtála. Roinntear agus roinnfear cláracha leis na stáisiúin raidió pobail atá mar bhaill de CRAOL saor in aisce faoi scéimeanna mhalartaithe chláir mar a aontófar idir Raidió na Life agus na baill-stáisiúin éagsúla.